Béising+20: An Clár Oibre Gníomhaíochta (BPfA) agus an tAontas Eorpach
Réimse D: Foréigin In Aghaidh na mBan

Comhthéacs Beartais

De réir Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Foréigean in Aghaidh na mBan a Dhíothú (1993), tuigtear Foréigean in aghaidh na mBan (VAW) mar "aon ghníomh foréigin inscne is toradh ar, nó is dócha is toradh ar, dhíobháil nó fulaingt ghnéasach nó shíceolaíochta do mhná". Déanann gach cineál foréigin in aghaidh na mban téachtadh chearta an duine ag mná a shárú agus a lagú nó a neamhniú amach is amach, ar dhóigh níos sonraí, na cearta bunúsacha chun beatha, slándála, saoirse, dínite, agus chun iomláine fisicí agus mothúchánaí, agus ní féidir le rialtais neamhaird a dhéanamh orthu dá réir.

Ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh trí shraith de chonclúidí na Comhairle:

- In 2010, chuir an Chomhairle béim ar an ngá le bailiú sonraí a neartú maidir le coitiantacht foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní.
- In 2012, d'iarr an Chomhairle ar Bhallstáit a "áirithiú go bhfuil go leor seirbhísí tacaíochta ar fáil d'íospartaigh fhoréigin agus go bhfuil gné chomhionannais inscne i bhfeidhm" agus d'iarr ar an gCoimisiún ionstraimí dlí sa bhreis a mheas agus straitéis Eorpach a fhorbairt le foréigean inscne a chomhrac.
- In 2014, d'iarr an Chomhairle ar na Ballstáit dul i ngleic leis an tsaincheist maidir le tearcthuairisciú, rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú agus maoiniú cuí agus inbhuanaithe a bhunú le foréigean inscne agus ciorrú ball giniúna ban a chomhrac.

Sa Treoir maidir le híoschaighdeáin choitinn, íospartaigh choiriúlachta a thacú agus a chosaint (Treoir 2012/29/AE)

Aithnítear foréigean in aghaidh na mban mar fhoréigean inscne, agus cuirtear béim ar an ngá le seirbhísí speisialaithe a chur ar fáil do ghrúpaí leochaileacha íospartach, amhail íospartaigh bhan an fhoréigin inscne.

An Treoir maidir leis an ordú cosanta Eorpach sa limistéar dlí riaracháin, sibhialta, agus coiriúil.

Áirithítear go naithnítear ar fud AE orduithe sriantacha agus cosanta a eisítear i mBallstát amháin. Tugtar cosaint do mhná a d'fhulaing foréigean baile ó dhéantóir na coire má bhíonn siad ag taisteal nó ag aistriú áit ar bith in AE.

Rialachán 606/2013 maidir le haitheantas frithpháirteach do bhearta cosanta in ábhair shibhialta.

- Mhaoinigh an Coimisiún Eorpach líon mór tionscadal Eorpach a dhíríonn ar fhoréigean in aghaidh na mban a dhíothú laistigh de Chlár Daphne III agus Clár PROGRESS (an Clár Comhphobail um Fhostaíocht agus um Dhlúthpháirtíocht Shóisialta) agus leanfaidh leis tríd an gCláir um Chearta, Comhionannas agus Saoránacht, le forlíonadh cistí faoin gClár um Cheartas.
- Réimse tosaíochta i Straitéis an Choimisiúin maidir le comhionannas idir mná agus fir 2010-2015 is ea dínit, iomláine agus deireadh a chur le foréigean inscne.
- In 2013, d'fhógair an Coimisiún an teachtaireacht bheartais maidir le ciorrú ball giniúna ban (FGM) a dhíothú agus sraith gníomhartha, agus d'iarr beartais phraiticiúla ar na Ballstáit freisin.

Cuspóirí straitéiseacha BPfA (Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising) agus táscairí an Aontais Eorpaigh

D.1. Bearta comhtháite a ghlacadh le foréigean in aghaidh na mban a chosc agus a dhíothú.

D.2. Staidéar a dhéanamh ar chúiseanna agus ar iarmhairtí ar fhoréigean in aghaidh na mban agus ar éifeachtacht na mbeart coisctheach.

D.3. Gáinneáil ar mhná a dhíothú agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh fhoréigin de dheasca striapachais agus gáinneála ar dhaoine.

D'fhormhuinigh Comhairle AE sraith táscairí sa réimse sin arna moladh ag Uachtaránacht na Spáinne agus na Danmhairge in 2002 agus ag Uachtaránacht na hÉireann in 2004. In 2012, rinne Uachtaránacht na Cipire athbhreithniú ar tháscaire ar thacaíocht d'íospartaigh. Tá 10 dtáscaire sa réimse sin faoi láthair, lena dtugtar aghaidh den chuid is mó ar fhoréigean baile in aghaidh na mban agus/nó foréigean páirtí i ndlúthchaidreamh dlúth chomh maith le ciapadh gnéasach san ionad oibre.

Tugtar na sonraí agus an fhaisnéis is déanaí ar na táscairí seo sa bhunachar sonraí Mná agus fir in AE — Fíorais agus figiúirí, arna fhorbairt ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, atá ar fáil ag: http://eige.europa.eu/content /women-and-men-in-the-eu-facts-and-figures

Torthaí ó shonraí ar fud an Aontais Eorpaigh

Foréigean inscne mar thosaíocht ag méadú i mBallstáit

Ón athbhreithniú foriomlán deiridh ar BPfA laistigh den Aontas Eorpach, tá dul chun cinn suntasach déanta sa réimse sin ag na Ballstáit maidir le reachtaíocht nua a ghlacadh agus bearta úrnua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar na cineálacha éagsúla foréigin. Tá gníomhartha déanta ag roinnt Ballstát le sainmhínithe a thabhairt isteach ar fhoréigean inscne, baile agus páirtí i ndlúthchaidreamh i ndlí coiriúil.

Le cúig bliana anuas, chonacthas comhdhearcadh soiléir in AE le Pleananna Náisiúnta Gníomhaíochta a ghlacadh chun deireadh a chur le foréigean in aghaidh na mban agus ghlac mórchuid de na Ballstáit na pleananna sin. Tugtar aghaidh i mórchuid de na pleananna agus straitéisí náisiúnta ar fhoréigean baile, agus ar chineálacha eile freisin amhail foréigean fisiceach, foréigean gnéis, foréigean síceolaíoch, stalcaireacht, ciorrú ball giniúna ban, banmharú agus ciapadh gnéasach san ionad oibre.

Easpa tacaíochta speisialaithe do mharthanóirí mná an fhoréigin

Ní hamháin go dtairgeann seirbhísí tacaíochta do mhná tacaíocht do mhná aonair ach tá ról tábhachtach acu freisin chun feasacht a spreagadh agus chun dearcaidh a athrú sa tsochaí. In 2012, chuir 17 mBallstát líne chabhrach náisiúnta do mhná ar fáil agus chuir 25 Bhallstát brúnna speisialaithe ar fáil do mhná.

Idir na blianta 2012 agus 2013, chonacthas roinnt athruithe dearfacha mar osclaíodh brúnna nua ar fud AE. Léirigh beagnach gach tuairisc ón gCoinbhinsiún maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW), áfach, go raibh maoiniú le haghaidh seirbhísí speisialaithe do mhná laghdaithe, neamhleor nó neamhinbhuanaithe. Níl an maoiniú chun seirbhísí ardcháilíochta agus inbhuanaithe i bhfeidhm fós ar fud AE, rud a bhfuil géarghá leis.

SEIRBHÍSÍ SPEISIALAITHE D'ÍOSPARTAIGH BHAN AN FHORÉIGIN IN AE-28, DE RÉIR CINEÁLACHA SEIRBHÍSÍ, 2012



Foinse: EIGE, Foréigean in Aghaidh na mBan — Tacaíocht d'Íospartaigh, 2012.

Méadú i gcórais chúraim sláinte a thugann aghaidh ar fhoréigean in aghaidh na mban

Tá aitheantas níos leithne tugtha don ngá atá le freagairt cúram sláinte a eagrú go héifeachtach ar fhoréigean in aghaidh na mban in AE le cúig bliana anuas, rud a bhí dearbhaithe ag an suirbhé FRA, ina léirítear go dtéann mórchuid de mharthanóirí mná chuig an earnáil cúram sláinte i dtosach le cúnamh a fháil. Chomh maith le hoiliúint a chur ar fáil, is ríthábhachtach don earnáil sláinte freisin treoirlínte agus prótacail a chuireann atreorú san áireamh. Le hatreorú a chur ar fáil, ní mór go mbeidh lárionad seirbhísí inbhuanaithe ann d'íospartaigh mhná an fhoréigin. Níl na prótacail sin ar bun ach i 12 Bhallstát faoi láthair.

Tugann Ballstáit tacaíocht don obair chun feabhas a chur ar infhaighteacht, ar cháilíocht agus ar inchomparáideacht na sonraí maidir le foréigean in aghaidh na mban

Idir na blianta 2000 agus 2014, rinne gach uile Bhallstát suirbhé coitiantachta amháin ar a laghad a thugann aghaidh ar fhoréigean in aghaidh na mban. Is ó na póilíní is mó a thagann foinsí na sonraí riaracháin ar chineálacha difriúla foréigin, agus ón gcóras ceartais (staidreamh cúirte) ina dhiaidh, agus earnálacha eile (sláinte, seirbhísí sóisialta).

Le foilsiú an tsuirbhé ar fud AE maidir le coitiantacht an fhoréigin in aghaidh na mban a rinne an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha in 2014, baineadh garsprioc ollmhór amach le meastachán a thabhairt ar choitiantacht an fhoréigin in aghaidh na mban in AE. De réir an tsuirbhé, rinneadh foréigean fisiceach agus/nó gnéis de chineál éigin ar bhean amháin as triúr in AE ón aois 15, is ionann sin agus 62 milliún ban. Rinneadh cineál éigin d'fhoréigean gnéis ar bhean amháin as 10, agus rinneadh éigniú ar bhean amháin as 20 ón aois 15.

Níos mó aitheanta á thabhairt do chláir do dhéantóirí coireanna

Éilítear i gCoinbhinsiún Iostanbúl (Alt 16) cláir a bhunú do dhéantóirí foréigin in aghaidh na mban arb é is aidhm leis iompar síochánta i gcaidreamh idirphearsanta a mhúineadh dóibh d'fhonn tuilleadh foréigin a chosc agus patrúin iompraíochta foréigneacha a athrú. Tairgtear cláir do dhéantóirí coireanna i mórchuid de na Ballstáit, ina ndírítear ina bhformhór ar chóireáil shíceolaíoch nó shíciatrach, comhairliú agus teiripe.

Tá oiliúint do ghairmithe ar fáil níos forleithne

Tá gá le coincheapa an fhoréigin in aghaidh na mban a chomhtháthú le bunoiliúint gairmithe agus le beartais agus treoirlínte soiléire a fhorbairt chun tacaíocht éifeachtach a thabhairt do mharthanóirí agus le bearta atá ann cheana a chur chun feidhme. Cé go bhfuil tábhacht le hoiliúint aitheanta i mórchuid de na Ballstáit, ní dhéanann ach líon beag acu oiliúint reatha a mhaoiniú sa réimse sin. Déanann na ENRanna cuid shuntasach den oiliúint, uaireanta gan aon mhaoiniú á leithdháileadh dá gcuid oibre.

Torthaí as obair EIGE ar dhea-chleachtais

Sainoiliúint ar fhoréigean tí do bhaill fhórsaí póilíneachta todhchaíochta na hArd-Diúcachta — Lucsamburg

Glactar le dlí ar fhoréigean tí i Lucsamburg in 2013, ina náirítear forálacha chun déantóirí coire foréigean tí a chur amach as teach an teaghlaigh. Bunaíodh leis an dlí freisin Coiste Comhoibrithe Gairmithe ar Fhoréigean a Chomhrac, a thugann na páirtithe leasmhara le chéile (aireachtaí, cúirteanna dlí, na póilíní agus ENRanna atá ag obair ar fhoréigean tí). Mar an chéad chéim eile, d'fhorbair na ENRanna agus fórsa póilíneachta na hArdDiúcachta sainmhodúl oiliúna do na póilíní nua go léir mar chuid dá mbunoiliúint, oiliúint a fuair póilíní bunaithe cheana féin freisin le linn uirlisí oiliúna inseirbhíse do phóilíní, amhail treoir ar thuairiscí a scríobh le cur faoi bhráid an Ionchúisitheora Phoiblí, agus chomhlánaigh cárta faisnéise d'íobartaigh agus do dhéantóirí coire na seisiúin oiliúna. In 2004, seachadadh 36 seisiún oiliúna seachtaine do ghrúpaí de 20-30 rannpháirtí (1 000 póilín san iomlán). Ó shin, tá seisiún oiliúna rialta do 60 ball foirne póilíneachta á dhéanamh go bliantúil.

Oiliúint IDVA CAADA — An Ríocht Aontaithe

D'fhorbair Gníomhú Comhordaithe i gCoinne Drochíde Tí (CAADA) cúrsa oiliúna chun cáilíocht ghairme a ardú do Chomhairleoirí Neamhspleácha Foréigean Tí (IDVAanna), atá ag obair leis na híobartaigh sa bhaol is mó. Tacaíonn Oifig Gnóthaí Baile na Ríochta Aontaithe leis an gcáilíocht agus í creidiúnaithe ag leibhéal 3 ag an Líonra Coláistí Oscailte. Ó bhí 2005 ann, chuir CAADA oiliúint ar bhreis is 1 700 IDVA, chun na scileanna a thabhairt do ghairmithe chun íobartaigh drochíde tí agus a gcuid leanaí a dhéanamh níos sábháilte. Déantar an oiliúint thar 14 lá, eagraithe i gcúig bhloc de sheomraí ranga, agus tugtar an deis do ghairmithe "foireann uirlisí IDVA" de scileanna riachtanacha a fhorbairt, lena náirítear agallóireacht inspreagtha, na céimeanna athraithe a chur i bhfeidhm, éisteacht ghníomhach, treallús, idirbheartaíocht agus samhaltú sóisialta. As na 2 500 cás íobartach a ndearnadh anailís orthu i dtuarascáil 2012 de chuid

CAADA, *A place of greater safety*, thuairiscigh 63 % d'íobartaigh gur tháinig an drochíde chun deiridh tar éis idirghabhála ag IDVA, agus dúirt 71 % d'íobartaigh gur mhothaigh siad go raibh siad níos sábháilte. Léiríodh na laghduithe is suntasaí ar dhrochíde ghnéasach. Thuairiscigh íobartaigh freisin feabhsúcháin ar a bhfolláine tar éis idirghabhála ag IDVA: dúirt 69 % d'íobartaigh gur tháinig feabhas ar a gcáilíocht beatha agus bhí muinín ag 77 % acu ar conas tacaíocht a rochtain sa todhchaí.

DUL CHUN CINN AGUS BAIC I RÉIMSE D: FORÉIGEAN IN AGHAIDH NA MBAN

DUL CHUN CINN	BAIC
• Méadú in infheictheacht foréigin in aghaidh na mban le blianta beaga anuas. • Rinneadh taighde nua agus bailíodh sonraí nua maidir le foréigean in aghaidh na mban. • Tá gníomhartha déanta ag Ballstáit le creat reachtaíochta agus institiúideach a neartú le foréigean in aghaidh na mban a chomhrac. • Féadtar cur le bearta agus gníomhartha atá ann cheana agus iad a fheabhsú chun foréigean in aghaidh na mban a chomhrac d'fhonn na híoschaighdeáin a chomhlíonadh ar fud AE.	• Ceist leathan agus casta is ea foréigean in aghaidh na mban: tá gá le toil nach beag i gcúrsaí polaitíochta lena chomhrac. • Léiríonn tuairiscí CEDAW go raibh maoiniú le haghaidh seirbhísí speisialaithe do mhná laghdaithe. • Is neamhleor iad fós tacaíocht speisialaithe do mharthanóirí mná an fhoréigin.

An bealach chun tosaigh don Aontais Eorpaigh

- Is gá a áirithiú go bhfuil toil nach beag i gcúrsaí polaitíochta agus maoiniú ar bun le cur le bearta agus gníomhartha atá ann cheana le foréigean in aghaidh na mban a chomhrac, agus leis na bearta sin a fheabhsú i mbealach chun íoschaighdeáin tacaíochta do mharthanóirí an fhoréigin a chomhlíonadh i ngach uile Bhallstát.
- Is ríthábhachtach é bailiú sonraí coitiantachta agus riaracháin de cháilíocht leordhóthanach d'fhonn faireachán a dhéanamh ar na próisis maidir le VAW agus dá gcur i bhfeidhm.
- Ní mór aghaidh a thabhairt ar chineálacha díreacha foréigin in aghaidh na mban mar a bhaineann le noirm, dearcthaí agus steiréitíopaí (is cúis le cineálacha indíreacha foréigin) atá mar bhonn agus mar thaca ag foréigean in aghaidh na mban agus neamhchomhionannas inscne go ginearálta.
- Ní féidir foréigean in aghaidh na mban a chomhrac go héifeachtach gan rannpháirtíocht agus baint ag na fir ann. De bhrí go bhfuil cultúr patrarcach, struchtúir fhireannachtaí ceannasacha agus noirm inscne mar bhonn agus mar thaca le foréigean inscne; ní féidir aghaidh a thabhairt air ach trí rannpháirtíocht na bhfear agus le measúnú criticiúil ar bhonneagair phatrarcacha agus ar fhireannachtaí ceannasacha.

An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)

Is í an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) an lárionad faisnéise ar chomhionannas inscne. Tacaíonn EIGE le lucht déanta beartas agus le gach foras ábhartha ina gcuid iarrachtaí le réaltacht a dhéanamh de chomhionannas idir mná agus fir do gach Eorpach agus tharstu trí shaineolas ar leith agus sonraí inchomparáide agus iontaofa ar chomhionannas inscne san Eoraip a chur ar fáil dóibh.

Tuilleadh faisnéise ag: http://eige.europa.eu

Is uirlis nuálaíochta agus phraiticiúil é Lárionad Acmhainní agus Doiciméadaithe (RDC) de chuid na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne, a forbraíodh chun cabhrú le príomhacmhainní ar chomhionannas inscne a aimsiú, chun malartú faisnéise a éascú ina measc siúd a bhfuil spéis acu i mbeartais agus i gcleachtais chomhionannais inscne agus chun spás ar líne le haghaidh díospóireachta agus idirphlé a thairiscint.

Tuilleadh faisnéise ag: http://eige.europa.eu/content/r

Eolas teagmhála:
European Institute for Gender Equality
Gedimino pr. 16
LT-01103 Vilnius
AN LIOTUÁIN/LITHUANIA
Teil. +370 5 215 7444, Teil. +370 5 215 7400

facebook.com/eige.europa.eu
twitter.com/eurogender
youtube.com/eurogender
https://eurogender.eige.europa.eu

ISBN 978-92-9218-563-3
doi:1MISSING
MH-04-15-022-DE-N